

Foirm Chláraithe

Fógra Príobháideachta

Ní úsáidfear do shonraí ach amháin chun rannpháirtíocht sa scéim Páirceála agus Siúil a thaifeadadh, agus roinnfear iad le scoil do pháiste chun Greamaitheoirí Páirceála agus Siúil a eisiúint.

Bainistíodh Comhairle Cathrach na Gaillimhe do shonraí de réir ár mbeartais príobháideachta agus an GDPR.

Líon isteach an chuid seo a leanas i MBLOCLITREACHA:

Ainm na scoile:

Seoladh na scoile:

Pláta clárúcháin an chairr:

Clárú breise (i gcás níos mó ná tuismitheoir/caomhnóir amháin páirteach i bPáirceáil agus Siúil):

Ainm an Tuismitheora/an Chaomhnóra:

Seoladh ríomhphoist an tuismitheora/an chaomhnóra:

Uimhir theagmhála an tuismitheora/an chaomhnóra:

Beidh feithicil ar bith a pháirceálann lasmuigh d'uaireanta na scéime Páirceála agus Siúil faoi réir théarmaí agus coinníollacha an charrchlóis. Aontaíonn gach duine atá sa scéim páirceáil go dleathach, agus gan bac a chur ar úsáideoirí eile an bhóthair, ná ar choisithe.

Aontaím le téarmaí agus coinníollacha scéim Pháirceála agus Siúil sa bhileog seo, atá léite agam.

Síniú an tuismitheora/chaomhnóra

Dáta

Síniú an tuismitheora/chaomhnóra breise más gá an dara greamaitheoir

Dáta

Líon isteach an chuid thall →

Conas a théim isteach sa scéim?

Beidh fáilte roimh gach scoil i gCathair na Gaillimhe dul isteach i bPáirceáil agus Siúil. Ba chóir do thuismitheoirí/caomhnóirí an fhoirm chláraithe seo a líonadh isteach agus a chur chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe:

Nó leis an bpost chuig: Páirceáil agus Siúil, An Roinn Iompair, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Bóthar an Choláiste, Cathair na Gaillimhe.

Ar líne: Líon isteach an fhoirm ar www.galwaycity.ie/ParkandStride

Ríomhphost: Scan an fhoirm agus seol i ríomhphost é chuig roads@galwaycity.ie

Gheobhaidh tuismitheoirí/caomhnóirí Greamaitheoir Cead a Páirceála agus Siúil bliantúil **ó scoil an pháiste**. Ba chóir an Greamaitheoir Cead a chur ar taispeáint chun tosaigh sa charr nuair a úsáideann tú carrchlós atá sa scéim. Ní féidir Greamaitheoirí Cead a thabhairt do thiománaithe eile. Iarr níos mó ná cead amháin má tá níos mó ná tuismitheoir/caomhnóir amháin ag glacadh páirte i bPáirceáil agus Siúil.

Bí ag faire amach don chomhartha seo!



Níl scoil mo pháiste páirteach, an féidir liomsa a bheith páirteach ann i gcónaí?

Is féidir – líon isteach an Fhoirm Chláraithe, tabhair ainm scoil do linbh, agus bíodh stampa oifigiúil na scoile air. Seolfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe do chead díreach chugat. Cuir do sheoladh poist ar an litir.

Téarmaí agus Coinníollacha Páirceála agus Siúil

Amanna Páirceála ag Carrchlóis atá sa scéim:

Maidín: 8.00 go 9.30 ar maidin (uair an chloig ar a mhéad)
Tráthnóna: 1.00 go 4.30pm (uair an chloig ar a mhéad)

- Caithfidh an greamaitheoir Páirceála agus Siúil a bheith ar taispeáint go soiléir laistigh de scáth gaoithe an chairr.
- Ní féidir Greamaitheoirí Cead a chur ar taispeáint i gcarr eile. Caithfidh tú cur isteach ar Ghreamaitheoir Cead breise más rud é go bhfuil tuismitheoir/caomhnóir eile ag glacadh páirte i bPáirceáil agus Siúil.
- Beidh spásanna carrchlóis ar fáil ar an mbonn 'tús freastail ar an gceann is túisce'. Bí ann go luath.
- Beidh táille le híoc as páirceáil lasmuigh de na hamanna ainmnithe más rud é go bhfuil táillí i bhfeidhm.
- Gearrfar táille as páirceáil lasmuigh de na hamanna Páirceáil agus Siúil mura mbíonn ticéad íoctha ar taispeáint (má tá táillí i bhfeidhm), nó gearrfaidh an maor fineáil.
- Páirceáil go sábháilte, agus fág dóthain spáis chun gur féidir le páistí túrlingt as feithicil agus siúl timpeall go sábháilte.
- Is do thuismitheoirí/caomhnóirí atá páirteach sa scéim Páirceála agus Siúil na Greamaitheoirí Cead agus dóibh siúd amháin, agus ní féidir iad a úsáid d'aon rud eile.
- Eiseofar Greamaitheoirí Cead ag tús gach scoilbhliana — ní mór Greamaitheoir Cead na bliana reatha a bheith ar taispeáint.
- Ó Luan go hAoine, i dtéarmaí scoile, a bheidh Páirceáil agus Siúil i bhfeidhm.

Cuid de Straitéis Iompair na Gaillimhe

Sraith beart is ea Straitéis Iompair na Gaillimhe chun trácht carr a bhainistiú, agus chun cabhrú leo siúd atá ag maireachtáil, ag staidéar, ag obair nó ar cuairt ar Ghaillimh bogadh timpeall na cathrach go héasca de shiúl na gcós, ar an rothar agus ar iompar poiblí. Is toradh é an Straitéis, a chlúdaíonn tréimhse 20 bliain, ar chur chuige comhpháirtíochta idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Contae na Gaillimhe agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Léigh tuilleadh ag www.galwaycity.ie

Gach eolas ceart ag Meitheamh 2022.



Páirceáil & Siúil

Bileog Eolais



Cad is brí le Páirceáil agus Siúl?

Ciallaíonn sé seo an carr a fhágáil 10 nóiméad ó gheata na scoile agus an chuid deiridh den turas a dhéanamh de shiúl na gcos. I gcás tuismitheoirí nó seantuismitheoirí a bheidh ag siúl ón gcarr agus ar ais, sin 15-20 nóiméad den luathaíocht 30 nóiméad a mholtar dúinn go léir a dhéanamh gach lá. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair i gcomhar le Scoileanna-Glasa An Taisce, le scoileanna sa chathair agus le gnólachtaí áitiúla chun tacaíocht a fháil uaitse don scéim seo.

Cén fáth Páirceáil agus Siúl?

Tá sé tábhachtach ón uair a bhímid an-óg rudaí a dhéanamh atá go maith don tsláinte fhisiciúil agus meabhrach — níl áit níos fearr ná an turas chun na scoile chun dea-nós mar sin a thosú, fiú más gá don teaghlach tiomáint ar scoil. Ní hiad na páistí amháin a gheobhaidh aer úr, síneadh sna géaga agus roinnt ama chun dul ag comhrá leis na daoine is ansa leo, beidh tusa níos fearrde freisin!

Bíonn sé níos fusa ar pháistí a bhíonn gníomhach ar an tsli ar an scoil díriú ar an obair sa seomra ranga.

Is é an baol ó thrácht an chúis is coitianta ag tuismitheoirí gan ligean do na páistí siúl nó rothaíocht ar scoil, ach, aisteach le rá, is measa an trácht nuair a thiomáinimid na páistí ar scoil, agus bíonn na bóithre níos dainséaraí dá bharr.*

Tá Páirceáil agus Siúl go maith don phobal scoile ar fad — ní bhíonn an oiread céanna tráchta lasmuigh den scoil, rud atá níos sábháilte do leanaí óga ag trasnú an bhóthair, agus bíonn laghdú ar mhúch agus ar thruailliú ó charranna atá ag feitheamh. Bíonn sé níos fusa ar dhaoine faoi mhíchumas agus daoine breoite páirceáil gar do gheata na scoile.

Cá háit ar féidir liom páirceáil?

I nGaillimh tá roinnt mhaith gnólachtaí ag tacú le Páirceáil agus Siúl trí chead a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí a gcarrchlós a úsáid saor in aisce (gnáthrátaí ar ceal) ar feadh uair an chloig fad a bhíonn an páiste ag siúl ar scoil (féach an léarscáil ar an gcéad leathanach eile).



*<https://www.sustrans.org.uk/our-blog/policy-positions/all/all/our-position-on-the-school-journey-and-physical-activity/>

Carrchlóis atá ag glacadh páirte

Is féidir gach carrchlós atá sa scéim a úsáid mar áit ‘Fág agus Siúl’ do leanaí atá in ann siúl ar scoil go neamhspleách m.sh. Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí a gcuid páistí a fhágáil ag an gcarrchlós ar maidin agus iad a bhailliú tráthnóna.



Scoileanna

- 1 Scoil Náisiúnta Pháirc na dTor, An Cuarbhóthar
- 2 Coláiste Iognáid S.J., Br. na Mara
- 3 Cuan na Gaillimhe, CNS, An Cimín Mór, Bóthar a’Cheapadh
- 4 Coláiste na nDoiminiceach, An Bóthar Ard
- 5 Galway Educate Together SN, Bóthar Thomáis Uí Eidhín
- 6 Gaelscoil Dara, Bóthar Bhaile an Locháin
- 7 Gaelscoil Mhic Amhlaigh, Lána an Mhuilleora
- 8 Meánscoil Íosa & Mhuire, (Salerno) Bóthar na Mine
- 9 Scoil Náisiúnta Oideachas le Chéile Chnoc na Cathrach, An Coimín Mór
- 10 Scoil Náisiúnta San Nioclás/Scoil Náisiúnta an Chladaigh, Bóthar Dhoimínic
- 11 Scoil Náisiúnta an Pharóiste, Cois Uisce
- 12 Scoil an Linbh Íosa (Mercy), Sráid Phroinsias
- 13 Scoil Íde, Ard na Mara
- 14 Scoil Bhríde, Bóthar Sheantalaímh
- 15 Scoil Iognáid, Bóithrín na Sliogán
- 16 Scoil Phádraig, Sráid Lombard
- 17 Scoil Iosaif, Ráthún
- 18 St. John the Apostle, SN Cnoic na Cathrach
- 19 Coláiste Iosaif, Oileán Altanach
- 20 Coláiste Mhuire, Bóthar Mhuire

Carrchlóis Páirceála agus Siúil

- A Aldi Chnoc na Cathrach
- B Ionad Comharsanachta Bhaile an Phoill/An Chaisleáin Ghearr
- C Carrchlós na hArdeaglaise
- D Carrchlós Halla an Chladaigh
- E Páirc Claude Toft
- F Séipéal Chúil Each
- G Crescent Court (Joyce’s)
- H Carrchlós Bhóthar na Díge
- I Ionad Siopadóireachta na Gaillimhe
- J Páirc Mhiondíola an Gheata (Dunnes/B&Q)
- K Joyce’s i gCnoc na Cathrach
- L Ionad Pobail Chnoc na Cathrach
- M Leisureland
- N Óstán an Maldron
- O Mervue United
- P Carrchlós Shráid an Mhuilinn
- Q Monkey Business (ar maidin ach amháin)
- R Baile Nua Mhic Gabhann/Bóthar Shandair
- S Cuan na Gaillimhe – Cé Bhreathnach
- T An Phromanáid
- U Leabharlann/Ionad Pobail Westside
- V Faichí Imeartha an Taoibh Thiar
- W Ionad Siopadóireachta an Taoibh Thiar (Dunnes)
- X Carrchlós Ché an Adhmaid

Gheofar tuilleadh scoileanna agus carrchlós atá sa scéim anseo ag www.galwaycity.ie/parkandstride
Mura bhfuil do scoil féin ar liosta na scoileanna sa scéim, is féidir leat páirt a ghlacadh i gcónaí i bPáirceáil agus Siúl (féach na sonraí thall).

Foirm Chláraithe Lch 2 - Eolas breise

Bheimis an-bhuíoch díot ach beagán eolais a thabhairt dúinn faoi do thuras ar scoil. Bí cinnte go gcuireann tú an leathanach seo isteach má tá an Fhoirm Chláraithe á scanadh agat!

Cá fhad a chónaíonn tú ó scoil do pháiste?
Má tá páistí agat ag dul ag níos mó ná scoil amháin, tabhair an fad chuig an scoil atá liostaithe agat ar an bhFoirm Chláraithe seo.

Faoi bhun 1km
1-3km
3-5km
6-10km
Os cionn 10 km

Cá dtéann tú (nó an duine a thugann an páiste ar scoil) díreach tar éis an páiste a fhágáil ag an scoil? Roghnaigh freagra amháin.

Abhaile
Chun na hoibre
Chuig creis/scoil Montessori
Chuig feighlí linbh
Chuig scoil eile
Chuig na siopaí
Áit éigin eile

An mbeifeá sásta dá mbeadh srian ar chairr gar do scoil do pháiste, chun go mbeidh geata na scoile níos sábháilte do pháistí, gan an oiread céanna tráchta?

Bheadh
Ní bheadh
Níl a fhios agam

Gheofar faisnéis bhreise ó: **Páirceáil agus Siúl, An Roinn Iompair, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Gaillimh**
Teil. 091 536 400
Ríomhphost roads@galwaycity.ie
www.galwaycity.ie/ParkandStride